# Gaelcholáiste Chill Dara

*Ar thuras léinn is feasa*

# Bileog Eolais

*Eagrán 14*

*12 Nollaig 2025*


## GoQuest

Chuaigh scoláirí na chéad bhliana agus a meantóirí go GoQuest i rith na seachtaine. Bhí turas den scoth acu!



## Club Leabhar

Bíonn club leabhar ar siúl gach Céadaoin i seomra 40 ag 13.20. Is é *The Inheritance Games* an chéad leabhar a roghnaigh na scoláirí don club. Fáilte roimh chách!




## Vacsaíní

Beidh an FSS ag an scoil ar 12 Eanáir 2026 chun vacsaíní a thabhairt do scoláirí na chéad bhliana (HPV, Tdap agus MenACWY). Seoladh foirmeacha abhaile leis na scoláirí. Líon isteach iad agus seol ar ais Dé Luain le do thoil, fiú muna bhfuil do pháiste chun na vacsaíní a fháil.



## Aoichainteoir ó Marino

Tháinig aoichainteoir ó Institiúid Oideachais Marino chun na scoile ar an Aoine 5 Nollaig chun labhairt le scoláirí faoi bhunmhúinteoireacht trí mheán na Gaeilge agus na céimeanna eile atá ar bun ag Marino. Bhain na scoláirí taitneamh agus tairbhe as an ócáid.



## Nod staidéir na seachtaine

<u>Scoláirí</u>

***Duolingo – mata!***

Tá taithí ag a lán daoine Duolingo a úsáid chun teanga a fhoghlaim, ach tá mata air anois freisin. Molann Siobhain G go hard na spéire é! Ní hamháin go gcuirfidh sé le do scileanna mata, ach cabhróidh sé leat sonraí ceisteanna a léamh go cúramach.

<u>Caomhnóirí</u>

Bain triail as Duolingo mata freisin. Ansin beidh tú in ann dul in iomaíocht le do pháiste!




## Bitheolaíocht

Bhí scoláirí an 5ú bliain ag déanamh samhaltú ar chéimeanna an mhiotóis sa rang bitheolaíochta an tseachtain seo caite. Is próiseas tábhachtach é seo i bhfás an duine.





## Bitheolaíocht

Bhí scoláirí an 6ú bliain ag foghlaim faoi struchtúr ADN sa rang bitheolaíochta an tseachtain seo caite. Chomh maith le sin bhí deis acu chun ADN a aonrú ó banana.



## Nath Folláine na Seachtaine

Ceann de na cinntí is cróga a dhéanfaidh tú i do shaol ná faigh réidh leis an rud atá dod ghortú.

## Cruinneas na Gaeilge

<u>Botún coitianta:</u>

Múch ~~as~~ é

<u>An leagan ceart:</u>

Múch é (turn it off)

## Gradam Gaisce

Ar an Luan 24 Samhain bronnadh Gradam Gaisce (cré-umha) ar 22 scoláirí ón 5ú bliain. Bhain na scoláirí na gaiscí seo amach i rith na hidirbhliana agus léirigh siad tiomántas agus spreagadh chun iad a chur i gcrích. Tá pobal GCCD an-bhródúil astu.



## Dátaí Tábhachtacha

**16 Nollaig:** Lá traenála - scoil dúnta do scoláirí

**19 Noll:** Gaelfachtóir

**22 Noll:** Laethanta saoire

**5 Ean**: Scoil athoscailte

**12 Ean:** Insteallaí do scoláirí na chéad bhliana

**13 Ean:** Lá traenála - scoil dúnta do scoláirí

**22 Ean:** Cruinniú tuistí/múinteoirí bl. 5

**29 Ean:** Cruinniú tuistí/múinteoirí bl. 2

**26 Feabhra:** Cruinniú tuistí/múinteoirí bl. 1

Tá gach eolas reatha ar fáil ar [www.gccd.ie.](http://www.gccd.ie)

## Seanfhocal na Seachtaine (14):

Bíonn adharca fada ar na ba thar lear.

# Gaelcholáiste Chill Dara

*Ar thuras léinn is feasa*

*Eagrán 14*

# Bileog Eolais

*12 December 2025*


## GoQuest

First year students and their mentors went to GoQuest during the week. They had an excellent trip!



## Book Club

A book club takes place every Wednesday in room 40 at 13.20. *The Inheritance Games* is the first book chosen by the students for the club. All are welcome!




## Vaccines

The HSE will be at the school on 12 January 2026 to administer vaccines to first year students (HPV, Tdap and MenACWY). Forms were sent home with the students. Please fill them in and send them back on Monday, even if your child is not going to receive the vaccines.



## Marino speaker

A guest speaker from Marino Institute of Education visited the school on Friday 5th December to talk to 5th and 6th year students about Primary Teaching through Irish and other degrees in Marino. The students enjoyed and benefitted from the talk.



## Study tip of the week

<u>Students</u>

***Duolingo – mata!***

A lot of people have experience with using Duolingo to learn a language, but now it also has maths. Siobhain G thinks it's great! Not only will it enhance your basic skills, but it will also help you read the details of questions more carefully.

<u>Guardians</u>

Try Duolingo maths too. Then you will be able to compete with your child!




## Biology

5$^{th}$ Year students were modelling the stages of mitosis in biology class last week. This is an important process in human growth.





## Biology

6th Year students were learning about the structure of DNA in biology class last week. They also had the opportunity to isolate DNA from a banana.



## Wellbeing phrase of the week

One of the most courageous decisions you will ever make is to finally let go of whatever is hurting you.

## Accuracy in Irish

<u>Common mistake:</u>

Múch ~~as~~ é

<u>The correct version:</u>

Múch é (turn it off)

## Gradam Gaisce

On Monday 24th November, 22 students from 5$^{th}$ year were awarded The President's Award (bronze). The students completed the programme in Transition Year, and they displayed drive and motivation to complete it. The GCCD community are very proud of them.



## Important dates

**16 Dec:** Training Day – school closed for students

**19 Dec:** Gaelfachtóir

**22 Dec:**

Christmas holidays

**5 Jan:** school reopens

**12 Jan:** Injections for First Year students

**13 Ean:** Training Day – school closed for students

**22 Jan:** 5$^{th}$ Yr PTM

**29 Jan:** 2$^{nd}$ Yr PTM

**26 Feb:** 1$^{st}$ Yr PTM

All up-to-date info is on [www.gccd.ie.](http://www.gccd.ie)

## Saying of the week (14):

Literally:

Cows abroad have long horns.

Similar to: 'Far away hills are greener' in English